Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14487/23
PV CONS 49
JAI 1346
COMIX 476

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)

19 agus 20 Deireadh Fómhair 2023

**DÉARDAOIN, AN 19 DEIREADH FÓMHAIR 2023**

**GNÓTHAÍ BAILE**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 13958/23.

**2. Formheas na míreanna 'A'**
**Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha** 13959/23

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN ('COMHAIRLE SCHENGEN')**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Staid ghinearálta limistéar Schengen
   (a) Baraiméadar Schengen 13666/23
   (b) An choireacht trasteorann a chomhrac, go háirithe smuigleáil imirceach 13901/23

   *Seisiún tuairimíochta*

4. Cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta 13707/23

   *Seisiún tuairimíochta*

**SAINCHEISTEANNA EILE MAIDIR LE GNÓTHAÍ BAILE**

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**5. Rialachán chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac**

*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an Rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac.

**6.** **An Comhshocrú maidir le Tearmann agus Imirce**[1]
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an dul chun cinn a rinneadh sa chaibidlíocht idirinstitiúideach i dtaca leis na comhaid éagsúla faoin gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann (an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce, an Rialachán maidir le Scagadh, an Togra Leasaithe maidir le Rialachán Eurodac agus an Rialachán Géarchéime).

**7.** **Cinneadh lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta**
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca leis an athbhreithniú reachtach atá á dhéanamh faoi láthair ar an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta. Tá dul chun cinn tapa á dhéanamh ar an gcomhad agus táthar ag súil go dtabharfar chun críche é roimh dheireadh na bliana.

**8.** **Aon ghnó eile**
**Tograí reachtacha reatha** 13950/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse na nGnóthaí Baile.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

9. Tearmann agus imirce: gné sheachtrach[1,2] 13996/23
*Seisiún tuairimíochta*

10. Impleachtaí na staide sa Mheánoirthear le haghaidh slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh[1,3]
*Seisiún tuairimíochta*

---

[1] Go heisceachtúil i láthair na Stát atá comhlachaithe le Schengen.
[2] Tugadh cuireadh do Ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, Frontex, Europol agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), chuig an bplé seo.

11. Radacú ar líne mionaoiseach a chosc: staid na himeartha agus na chéad chéimeanna eile[3] 13718/23
*Seisiún tuairimíochta*

12. Aon ghnó eile
(a) Fóram Aireachta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile 11958/23
(Scóipé, an 26-27 Deireadh Fómhair 2023)
*Faisnéis ón Uachtaránacht* 14281/23
(b) Suaitheadh ar Idirnascaire Mhuir Bhailt (Balticconnector) agus damáiste do cháblaí sonraí 14225/23
*Faisnéis ón Eastóin agus ón bhFionlainn*
(c) Comhdháil Idirnáisiúnta na nDeontóirí maidir le Dímhianú Daonnúil san Úcráin
(Ságrab, an 11-12 Deireadh Fómhair 2023)
*Faisnéis ón gCróit*

**<u>DÉ hAOINE, AN 20 DEIREADH FÓMHAIR 2023</u>**

**<u>CEARTAS</u>**

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**13. Treoir maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú** ❶C 13600/23
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag <u>an gComhairle</u> i dtaobh an togra le haghaidh Treoir maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú.

**14. Aon ghnó eile**
**Tograí reachtacha reatha** 13950/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse an Cheartais.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

15. Cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin: an tsaoirse ó phionós a chomhrac [4] 13632/23
*Staid na himeartha*

---

[3] Tugadh cuireadh do ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh, Europol, chuig an bplé seo .
[4] Tugadh cuireadh do ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh, Europol, chuig an bplé seo.

16. Comhar breithiúnach le Meiriceá Laidineach chun an choireacht eagraithe a chomhrac:[5] — 13680/23
   (a) Cruinniú mullaigh idir an tAontas agus CELAC
   (an Bhruiséil, an 17-18 Iúil 2023): obair-leantach
   (b) Clár cúnaimh na hEorpa agus Mheiriceá Laidinigh
   i gcoinne na coireachta trasnáisiúnta eagraithe (tionscadal
   a bheidh ann amach anseo 'EL PAcCTO 2.0')
   *Staid na himeartha*

17. Iarrachtaí chun éifeachtúlacht agus cáilíocht na gcóras ceartais a fheabhsú — 13684/23
   *Seisiún tuairimíochta*

18. Conclúidí maidir le cumhachtú digiteach agus cearta bunúsacha — 13399/23 + COR 1 + ADD 1
   *Formheas*
   *Seisiún tuairimíochta*[6]

19. Aon ghnó eile
   (a) Aontachas an Aontais Eorpaigh le Coinbhinsiún Iostanbúl — 13773/23
   *Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*
   (b) Caibidlíocht idir an tAontas agus na Stát Aontaithe maidir le comhaontú um r-fhianaise
   *Faisnéis ón gCoimisiún* — 11958/23
   (c) Fóram Aireachta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile
   (Scóipé, an 26-27 Deireadh Fómhair 2023) — 14114/23
   *Faisnéis ón Uachtaránacht*
   (d) Teachtaireacht maidir le Treochlár an Aontais chun gáinneáil ar dhrugaí agus coireacht eagraithe a chomhrac
   *Faisnéis ón gCoimisiún*

---

❶ An chéad léamh

Ⓒ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

---

[5] Tugadh cuireadh d'ionadaí 'EL PAcCTO 2.0' chuig an bplé seo.

[6] Tugadh cuireadh do Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha chuig an bplé seo.